

Meastóireacht fadaimseartha náisiúnta ar an gCreat Foghlama Digití (CFD)

Bliain ar aghaidh – Cad atá foghlamtha againn?

Eva Moran,
Emmet Feerick
agus Jude Cosgrove



TUILLEADH EOLAIS:

[Láithreán gréasáin FTO CFD](#)

[Fógra faoi Straitéis Digiteach nua An Roinn Oideachais](#)

[Láithreán gréasáin SFGM \(uirlisí agus acmhainní do scoileanna\)](#)

Cad é an creat foghlama digití (CFD)?


Is acmhainn é an **CFD** chun scoileanna a threorú ar theicneolaíochtaí digiteacha (TDanna) a úsáid chun teagasc, foghlaim agus measúnú a bhunathrú.

Comhlánaíonn an CFD an creat féinmheastóireachta **Ag Breathnú ar an Scoil Againne**, agus tacaíonn sé leis an Straitéis Digiteach do Scoileanna a chur i bhfeidhm.

Is príomhchoincheap den CFD é **TDanna a leabú** i raon leathan gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe, **sainmhínte** sa Chreat mar:

🔥 *Céim níos faide ná comhtháthú TFC, baintear leas gan aon stró as an teicneolaíocht dhigiteach i ngach gné den teagasc, den foghlaim agus den mheasúnú chun feabhas a chur ar eispéiris foghlama na ndaltaí go léir* 🔥

Tá an CFD eagraithe de réir dhá Gné (agus ceithre réimse laistigh de gach gné):



Tá sraith caighdeán laistigh de gach ceann de na hocht réimse, ina bhfuil **ráitis ar chleachtas éifeachtach** agus **an-éifeachtach**, in éineacht leo. Cuireann na ráitis seo **ar chumas múinteoirí agus ceannairí scoile planáil** a dhéanamh faoin tslí ar féidir leis an scoil **tacú le TDanna a leabú** i gcleachtais teagaisc agus foghlama.


Mar thacaíocht do scoileanna, soláthraíonn foireann **SFGM Teicneolaíocht san Oideachas** (TsO) ceardlanna foghlama gairmiúla, seimineáir agus tacaíochtaí leantacha chun an CFD a chur i bhfeidhm, le sraith acmhainní ar fáil ag www.DLplanning.ie. Bíonn tacaíocht ar fáil freisin ó fhoireann comhairleoirí TFC an SFGM.

Meastóireacht an CFD

- Tá an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) ag **déanamh meastóireachta ar cur i bhfeidhm an CFD** ó pheirspictíochtaí iomadúla **príomhoidí scoile, ceannairí na Foirne Foghlama Digití, múinteoirí agus daltaí thar 2018/19-2021/22**.
- Tá dearadh na meastóireachta fadaimseartha le modh measctha (ag baint úsáide as sonraí ceistneora, cás-staidéir agus agallaimh), a chuimsíonn **bunlíne agus dhá chéim bailithe sonraí fadaimseartha**.
- Bailíodh sonraí bunlíne ó Fómhar 2018 - Earrach 2019 agus le déanaí, tharla **Tonn 1 ó Fómhar 2019 - Earrach 2020**.
- Tá bailiú sonraí **Tonn 2** beartaithe le haghaidh **Fómhar 2021 - Earrach 2022**.

Cé bhíonn páirteach sa mheastóireacht?

- Ag Tonn 1, tá **150 bunscoil, 100 iar-bhunscoil agus 32 scoil speisialta** sa sampla, tarraingthe ó rannpháirtithe na scoileanna bunlíne.
- Tá na samplaí seo **ionadaíoch go náisiúnta**.
- Leanfar an sampla céanna seo go Tonn 2, ag ceadú peirspictíocht fadaimseartha trí bliana ar chur i bhfeidhm agus ar thionchair an CFD.





Meastóireacht CFD tonn 1 príomhthorthaí na meastóireachta

Tugann an fhianaise ó Thonn 1 le fios **ardleibhéal rannpháirtíochta leis an CFD** ag scoileanna

Ba dhóichí go dtuairisceodh **iar-bhunscoileanna (73%)** go raibh siad **den chuid is mó nó go léir ag na ráitis ar chleachtas éifeachtach, nó níos airde.**

Ba dhóichí go dtuairisceodh **bunscoileanna (46%)** go raibh siad **roinnt áirithe, den chuid is mó nó go léir, faoi bhun na ráitis ar chleachtas éifeachtach.**




Mheas **breis agus trí cheathrú de na iar-bhunscoileanna (78%)** go raibh a **leibhéal leabaithe TD meánach/ag ardleibhéal.**

Mheas **níos mó ná leath na mbunscoileanna (56%)** go raibh a **leibhéal leabaithe TD ag teacht chun cinn/ag forbairt**

Cuireadh tacaíocht agus cothabháil theicniúil i scoileanna curtha ar fáil den chuid is mó trí **mheascán d'fhoinsí inmheánacha agus seachtracha.**

Éifeachtacht tacaíochta teicniúla a bhraitear i bhfad níos airde in iar-bhunscoileanna ná i mbunscoileanna.



Bhí tromlach mór na scoileanna ag an dá leibhéal (os cionn 90%) tar éis a bPlean Foghlama Digití (PFD) a thosú nó a chríochnú.

Ba léir comhairliúchán fairsing ar bheartais PFDanna agus TD le múinteoirí agus le bord bainistíochta na scoile, ach níos lú ná sin le tuismitheoirí agus daltaí.



Thuairiscigh ceannairí na bhFoirne Foghlama Digití (FFD) ardleibhéil cur chun feidhme na mbeartas agus na dtreoirínte bainteach le TD.

Go ginearálta, bhí polasaithe nó treoirínte ag níos mó ná 90% de scoileanna maidir leo seo a leanas:



Úsáid inghlactha na teicneolaíochta ar scoil



Úsáid inghlactha an idirlín ar scoil




Sábháilteacht ar líne

Bonneagar agus nascacht DT agus tacaíocht agus cothabháil theicniúil mar chumasóirí suntasacha do chur i bhfeidhm an CFD ag an dá leibhéal. An-chuid éagsúlachta ar fud scoileanna ar na bearta seo.


Deacrachtaí níos coitianta ag an mbunleibhéal.



Uirlisí digiteacha a bheith ar fáil



Tacaíocht agus cothabháil theicniúil




Líon leordhóthanach gairis dhigiteacha a bheith ar fáil do na daltaí go léir

Tuairimí dearfacha forleathan ó cheannairí FFD agus ó mhúinteoirí TD maidir le tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú "Abhcóidí digiteacha" i scoileanna luaite mar phríomh-chumasóir air seo.




Ardleibhéil rannpháirtíochta in FGL TD-ábhartha

Bunleibhéal



Iar-bhunleibhéal



Treochtaí

Rinneadh ceithre bheart a mheas le haghaidh athraithe ar fud na bunlíne agus Tonn 1:

Bearta um tionchar CFD:

1. Leibhéal leabaithe TDanna sa TLA
2. Leibhéal rannpháirtíochta múinteoirí agus daltaí le TDanna

Cumasóirí CFD:

3. Bonneagar agus nascacht
4. Éifeachtach na tacaíochta teicniúla

Leibhéal Leabaithe:

- Bunleibhéal: níor tharla aon athrú ó bhunlíne go Tonn 1
- Iar-bhunleibhéal: treocht ag méadú ar an iomlán, le claonadh go raibh na rátaí ag gluaiseacht ó na leibhéil 'ag forbairt' go 'meánach'

Leibhéal Rannpháirtíochta le TDanna:

- Bunleibhéal: méadú suntasach ón mbunlíne go Tonn 1
- Iar-bhunleibhéal: mórán mar an gcéanna ag Tonn 1 agus ag an mbunlíne.

Nil aon athrú ar chumasóirí CFD ag bunleibhéal ná iar-bhunleibhéal:

- Bonneagar agus nascacht
- Éifeachtach na tacaíochta teicniúla

Thug formhór na gceannairí FFD ag an dá leibhéal cuairt ar láithreán gréasáin an SFGM DLplanning.ie. Moladh go forleathan an láithreán gréasáin DLplanning.ie mar acmhainn úsáideach, go háirithe:

- Físeáin ar chleachtas éifeachtach agus sár-éifeachtach
- Doiciméad treoirínte planála FD
- Teimpléid planála FD

Éifeachtaí

Ag bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal, bhí na tionchair ba mhó ag an CFD ar:



Spéis agus rannpháirtíocht na ndaltaí



Cinntí maidir le bonneagar DT a fheabhsú



Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama le linn am ranga



Comhoibriú agus comhroinnt acmhainní i measc múinteoirí



Bhí comhroinnt eolais TD i measc múinteoirí neamhfhoirmiúil den chuid is mó, ag tarlú i rith an lae scoile.

Bhí an tionchar ar chleachtas mheasúnaithe íseal ag an mbunleibhéal agus an iar-bhunleibhéal araon.


Dúshláin

Ba iad na dúshláin ba choitianta:



Bunscoileanna

- Nascacht
- Fianaise a bhailiú don chur i bhfeidhm



Araon

- Bonneagar
- Ceannaireacht don chur i bhfeidhm
- Am don chur i bhfeidhm



Iar-Bhunscoileanna

- Foghlaim a roinnt ar fud na scoile
- Inniúlacht TD na foirne

Cumasóirí cur chun feidhme an CFD

Ba cheart go dtabharfadh an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna atá le teacht **tosaíocht do na príomh-chumasóirí a shaináithnítear sa mheastóireacht CFD:**

- **Bonneagar agus nascacht** leordhóthanach
- **Tacaíocht teicniúil éifeachtach**
- **Ceannaireacht scoile** chomhairleach agus chomhoibrítheach
- **Comhoibriú i measc múinteoirí**
- Láithreach **'abhcóide digiteach'** nó abhcóidí sa scoil
- Caithfear **FGL** chun TDanna a úsáid i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú **a chothú agus a oiriúnú** do riachtanas áitiúil

Tosaíochtaí do thonn 2 den CFD

- **Tuairimí daoine óga** a bhailiú
- **Athruithe a aithint ar chur i bhfeidhm an CFD** a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe **mar fhreagairt ar COVID-19**
- Iníúchadh níos doimhne a dhéanamh **ar bhacainní agus ar chumasóirí i leith measúnú TD-bhunaithe**
- **Riachtanais agus tosaíochtaí scoileanna** a bhunú tuilleadh **le leibhéil ísle bonneagair, nascachta agus tacaíochta/cothabhála teicniúla.**

Buíochas

Tá an FTO go mór faoi chomaoin ag na príomhoidí agus na múinteoirí go léir atá páirteach sa mheastóireacht CFD.

